Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13336/17

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0389 (COD)**

AGRI 557
AGRIORG 102
AGRISTR 94
STATIS 67
AGRIFIN 110

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12918/17 COR1<br>12918/17 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15485/16+ADD |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011<br>- *glacadh an ghnímh reachtaigh* |

1. Ar an 12 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, chomh maith le measúnú tionchair an togra, faoi bhráid na Comhairle (15485/16). Is é cuspóir an Rialacháin atá beartaithe creat a chur ar bun le haghaidh an staidrimh talmhaíochta ar leibhéal na feirme aonair agus foráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis struchtúrach a chomhtháthú le faisnéis eile, amhail modhanna táirgthe, bearta forbartha tuaithe, gnéithe agra-chomhshaoil agus mar sin de.

2. Tá an tionscnaimh REFIT seo mar chuid den Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin a bhfuil sé mar aidhm léi an Córas Eorpach um Staidreamh Talmhaíochta (CEST) a chuíchóiriú ina iomláine agus an próiseas bailithe sonraí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos ábhartha. Leis an rialachán atá beartaithe, agus atá le bheith i bhfeidhm roimh dheireadh 2018, ba cheart a áirithiú go leanfaí den tsraith de shuirbhéanna Eorpacha ar struchtúr feirmeacha agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go mbeadh na hamshraitheanna comhsheasmhach. Meastar go dtíolacfar an dara togra faoi Rialachán Réime maidir le Staidreamh i ndáil le Ionchur/Aschur Talmhaíochta (SIAT) go gairid amach anseo agus is gá go mbeadh sé i bhfeidhm roimh 2022.

3. Le linn Uachtaránacht Mhálta, scrúdaigh an Mheitheal um Staidreamh an togra agus an measúnú tionchair ag na cruinnithe a bhí aici ar an 22 Feabhra agus ar an 7 Aibreán. Le linn Uachtaránacht na hEastóine, agus ar bhonn téacsanna ón Uachtaránacht[1], rinne an Mheitheal scrúdú breise ar an togra ag na cruinnithe a bhí aici ar an 19 Iúil, ar an 6 agus 28 Meán Fómhair, agus ar an 12 Deireadh Fómhair. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 12 Deireadh Fómhair, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú d'aon toil maidir le téacs Uachtaránachta, a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

4. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an togra ón gCoimisiún ina iomláine, agus dhá fhoráil nua a thug an Comhairle isteach (Aithris 16a agus Airteagal 12a) go háirithe, go bhfuil siad faoi réir na tuairime ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), atá ar feitheamh Ar an 14 Márta, chinn an Chomhairle dul i gcomhairle le MECS maidir leis an togra agus ar an 26 Meán Fómhair, d'iarr an Chomhairle ar MECS, freisin, machnamh a dhéanamh ar an dá fhoráil nua a thug an Chomhairle isteach. Meastar go dtabharfaidh MECS a thuairim uaidh faoi dheireadh mhí na Samhna agus, go dtí sin, ba cheart a mheas gur tháinig an Chomhairle ar chomhaontú sealadach faoi théacs Aithris 16a agus Airteagal 12a.

5. I bParlaimint na hEorpa, ghlac an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (COMAGRI) an tuarascáil agus na leasuithe uaidh ar an togra maidir le staidreamh comhtháite feirme ar an 10 Deireadh Fómhair agus dhearbhaigh seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa sainordú caibidlíochta an rapóirtéara le linn na seachtaine dar tús an 23 Deireadh Fómhair.

---

1 12199/17, 10607/17.

6. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht teacht ar chomhaontú leis na toscaireachtaí maidir leis an gcur chuige a ghlacfaidh siad maidir le leasuithe PE ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Staidreamh ar an 15 Samhain i bhfianaise an chéad chruinnithe thríthaobhaigh a bheidh ar siúl ar an 28 Samhain. Cuirfidh an Uachtaránacht na toscaireachtaí ar an eolas faoi thoradh an chéad chruinnithe thríthaobhaigh ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Staidreamh ar an 7 Nollaig agus lorgóidh sí treoir bhreise ó na toscaireachtaí maidir leis na seasaimh deiridh a bheidh le glacadh ag an dara cruinniú tríthaobhach, arb é an cruinniú tríthaobhach deiridh é, a bheidh ar siúl ar an 12 Nollaig. Ar an 20 Nollaig, tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht filleadh ar Choiste na mBuanionadaithe chun tuarascáil a thabhairt ar thoradh na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

7. I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ar an gComhairle tacú le cur chuige ginearálta na Comhairle i leith an togra ón gCoimisiún mar a leagtar amach é san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo, a bheidh mar bhonn do shainordú na hUachtaránachta chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

**IARSCRÍBHINN**

**Cur chuige ginearálta na Comhairle**

2016/0389 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh comhtháite feirme**

**agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 1337/2011**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] creat don staidreamh Eorpach maidir le struchtúr gabháltas talmhaíochta go dtí 2016. Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 a aisghairm.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le suirbhéanna ar struchtúr feirmeacha agus an suirbhé ar mhodhanna táirgeachta talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle (IO L 321, 1.12.2008, lch. 14).

(2) Clár na suirbhéanna Eorpacha ar struchtúr gabháltas talmhaíochta, atá á chur i gcrích san Aontas ó 1966 i leith, ba cheart leanúint de chun scrúdú a dhéanamh ar na treochtaí atá ann maidir le struchtúr gabháltas talmhaíochta ar leibhéal an Aontais agus chun an bonn eolais staidrimh is gá a sholáthar le haghaidh dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na beartais ghaolmhara, go háirithe an Comhbheartas Talmhaíochta agus na beartais maidir leis an gcomhshaol, le hoiriúnú don athrú aeráide agus le maolú ar an athrú aeráide.

(3) Tháinig de mheastóireacht idirnáisiúnta a rinneadh ar an staidreamh talmhaíochta gur cuireadh straitéis dhomhanda na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (EBT) ar bun chun an Staidreamh Talmhaíochta agus Tuaithe a fheabhsú, ar straitéis í a d'fhormhuinigh Coiste Staidrimh na Náisiún Aontaithe in 2010. Ba cheart don staidreamh talmhaíochta Eorpach, nuair is iomchuí, a bheith i gcomhréir le moltaí na Straitéise Domhanda chun an Staidreamh Talmhaíochta agus Tuaithe a fheabhsú agus i gcomhréir le moltaí Chlár Domhanda EBT maidir le Móráireamh Talmhaíochta 2020.

(4) Ba cheart clár suirbhéanna ilchuspóireach ar ghabháltais talmhaíochta a chur ar bun le haghaidh na ndeich mbliana atá amach romhainn ionas go mbeidh creat ann do staidreamh atá comhchuibhithe, inchomparáide agus comhleanúnach.

(5) An Straitéis don Staidreamh Talmhaíochta le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin, a bhunaigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach i Samhain 2015, beartaítear inti dhá Chreat-Rialachán a ghlacadh lena gcumhdaítear gach gné den staidreamh talmhaíochta, cé is moite de na Cuntais Eacnamaíocha Talmhaíochta. An Rialachán seo maidir le staidreamh comhtháite feirme, tá sé ar cheann de na Creat-Rialacháin sin.

(6) Chun críocha chomhchuibhiú agus inchomparáideacht na faisnéise faoi struchtúr gabháltas talmhaíochta agus chun freastal ar na riachtanais reatha a leanann Comheagrú Aonair na Margaí agus go háirithe earnáil na dtorthaí agus an fhíona, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a chomhtháthú leis an bhfaisnéis struchtúrach ar leibhéal na ngabháltas talmhaíochta ó 2023 amach agus ba cheart don rialachán seo a ionad a ghabháil. Is gá, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 a aisghairm.

(7) Tá tábhacht le staitisticí inchomparáide ó na Ballstáit go léir maidir le struchtúr gabháltas talmhaíochta agus forbairt an Chomhbheartais Talmhaíochta á cinneadh. Ba cheart, dá bhrí sin, aicmithe caighdeánacha agus sainmhínithe comhchoiteanna a úsáid a mhéid is féidir le haghaidh airíonna suirbhéireachta.

(8) I measc cúiseanna eile, ba cheart, chun críocha na cláir bhunúsacha de ghabháltais talmhaíochta agus an fhaisnéis eile is gá le haghaidh srathú suirbhéanna samplacha a thabhairt cothrom le dáta, móráireamh gabháltas talmhaíochta a dhéanamh san Aontas gach deich mbliana ar a laghad. Rinneadh an móráireamh deireanach in 2009/2010.

(9) Chun nach gcuirfí ualach gan gá ar ghabháltais talmhaíochta agus ar riaracháin náisiúnta, ba cheart tairseacha a bhunú.

(9a) Chun na hathruithe struchtúracha sa talmhaíocht Eorpach a anailísiú mar is ceart, caithfidh 98% den limistéar talmhaíochta arna úsáid agus an beostoc ar fheirmeacha a chumhdach leis an staidreamh. I roinnt Ballstát, ciallaíonn sé sin go bhfuil na tairseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II ró-ard. Mar sin féin, tá na gabháltais atá faoi bhun na dtairseach chomh beag sin gur leor suirbhé samplach, a bheidh le cur i gcrích uair amháin gach deich mbliana, chun go bhféadfar meastachán a dhéanamh ar a struchtúr agus ar a dtionchar ar an táirgeadh, rud a fhágann gur lú go mór na costais agus an t-ualach a ghabhann le suirbhé a chur i gcrích.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le staidreamh Eorpach ar bharra buana agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 357/79 ón gComhairle agus Treoir 2001/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 347, 30.12.2011, lch. 7).

(10) Ba cheart na limistéir a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta a chumhdach le staidreamh comhtháite feirme, lena n-áirítear an talamh a mbaineann roinnt gabháltas talmhaíochta úsáid as ar an ábhar go bhfuil feidhm ag cearta coimín maidir leis.

(11) Chun an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú, ba cheart rochtain a bheith ag na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus ag údaráis náisiúnta eile ar shonraí riaracháin, a mhéid a bheidh gá leis na sonraí sin chun staitisticí Eorpacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán 223/2009.

(12) Chun críocha sholúbthacht an Chórais Eorpaigh um Staidreamh Talmhaíochta agus chun críocha simpliú agus nuachóiriú an staidrimh talmhaíochta, ba cheart na hathróga atá le bailiú a leithdháileadh ar ghrúpaí bailithe éagsúla (croí-shonraí agus modúil) arb éagsúil a minicíocht nó a n-ionadaíochas, nó an dá rud.

(12a) Is féidir an t-ualach freagartha agus na costais a laghdú a thuilleadh trí na sonraí sin a athúsáid sonraí i gcás ina dtagraíonn na sonraí sin don bhliain a thagann díreach roimh na blianta tagartha nó ina ndiaidh. Is ábhartha a bheadh an méid sin go háirithe maidir le gnéithe nach meastar ina leith go mbeadh aon athruithe móra ann ó bhliain go chéile.

(12b) Chun críocha na solúbthachta agus chun go laghdófar an t-ualach ar fhreagróirí, ar na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus ar na húdaráis náisiúnta eile, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as suirbhéanna staidrimh, taifid riaracháin agus aon fhoinse eile, aon mhodh eile nó aon chur chuige nuálach eile lena n-áirítear modhanna eolaíocht-bhunaithe agus dea-dhoiciméadaithe amhail iontráil go barúlach, meastachán agus samhaltú.

(13) Ba cheart bailiú faisnéise faoi chothaithigh agus uisce a úsáid agus faoi mhodhanna táirgthe talmhaíochta a fheabhsú chun staidreamh breise a sholáthar d'fhonn beartas agra-comhshaoil a fhorbairt agus chun cáilíocht na dtáscairí agra-comhshaoil a fheabhsú.

(14) Maidir le geoshuíomh gabháltas, is é greille théama an aonaid staidrimh i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ba cheart a úsáid.

(15) Urramóidh an Coimisiún rúndacht na sonraí a tharchuirtear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Ba cheart an chosaint rúndachta sonraí atá riachtanach a áirithiú trí úsáid na bparaiméadar suímh a theorannú do spásanailís faisnéise agus trí chomhiomlánú iomchuí a dhéanamh nuair a fhoilsítear staitisticí agus trí mhodhanna eile. Ar an ábhar sin, ba cheart forbairt a dhéanamh ar chur chuige comhchuibhithe i dtaca le cosaint na rúndachta agus le gnéithe cáilíochta le haghaidh scaipeadh sonraí.

(16) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo, tá sí faoi réir Threoir 95/46/CE agus a forálacha náisiúnta cur chun feidhme, agus/nó faoi réir Rialachán 45/2001, de réir mar a bheidh.

(16a) Chun staidrimh náisiúnta agus Aontais a tháirgeadh, tá gá le sonraí pearsanta a bhailiú a choimeádtar i bhfoirm pearsanta go dtí go ndéantar iad a phróiseáil a thuilleadh chun staidreamh comhiomlánaithe a chruthú. I bhfianaise ghnéithe sonracha na bpróiseas staidrimh sin trína ndéantar staidreamh a tháirgeadh ar mhaithe le leas an phobail, ba cheart cur i bhfeidhm an chirte rochtana don ábhar sonraí, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil agus an ceart chun agóid a dhéanamh a leagtar amach in Airteagail, 15, 16, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2016/679, a eisiamh i gcás ina ndéanann institiúidí náisiúnta staidrimh agus/nó údaráis náisiúnta eile sonraí staidrimh a phróiseáil ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 338 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

---

[4] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht an staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Caithfear staidreamh Aontais a tháirgeadh chun gníomhaíochtaí an Aontais a fheidhmiú agus tá sé bunaithe ar phrionsabail staidrimh, go háirithe prionsabal na oibiachtúlachta, na hiontaofachta, na cost-éifeachtachta agus na cáilíochta staidrimh, lena n-áirítear tráthúlacht. Dá gcuirfí cearta áirithe i bhfeidhm, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679, bheadh sé dodhéanta staidreamh Aontais a tháirgeadh nó b'fhíordheacair é an staidreamh sin a tháirgeadh i gcomhréir leis na prionsabail staidrimh is infheidhme. B'fhíordheacair go háirithe é, go teicniúil, rochtain ar shonraí pearsanta a dheonú i ngach cúinse ós rud é go ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann le hábhar sonraí ar leith a dhícheangal ó shainithint an ábhair sonraí. Mar thoradh air sin, níl i gcomhaid staidrimh ach sonraí a bhfuil ainm bréige ag gabháil leo agus, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn ach líon teoranta athróga iontu. Ina theannta sin, ní thugtar rochtain ar chomhaid staidrimh ina bhfuil sonraí pearsanta ach do líon teoranta comhaltaí foirne sna hinstitiúidí náisiúnta staidrimh, ní fhéadfar an rochtain sin a fháil ach amháin chun cúram nithiúil lena mbaineann a thabhairt chun críche agus tá an fhoireann lena mbaineann faoi cheangal ag rialacha rúndachta staidrimh agus tá sárú na rialacha sin faoi réir smachtbhannaí. Dá bhrí sin, dá ndéanfaí sonraí a athnascadh d'uimhir aitheantais náisiúnta ar leith, d'éileofaí, i bhformhór na gcásanna, go ndéanfaí líon mór de chomhaid staidrimh a nascadh a mbíodh na sonraí sin dícheangailte uathu roimhe sin. Bheadh gá, freisin, le cuntas a choinneáil ar an bhformáid bunaidh ina bhfuarthas na taifid sonraí.

Dá bhrí sin, chun an cuspóir a chomhlíonadh staidreamh de chuid an Aontais a tháirgeadh, is gá foráil a dhéanamh maidir le maolú ó chur i bhfeidhm an chirte rochtana chomh maith leis an gceart go ndéanfaí ceartúchán. Ar na cúiseanna céanna, is gá foráil a dhéanamh maidir leis an maolú sin ó chur i bhfeidhm an chirte go gcuirfí srian le próiseáil agus an chirte chun agóid a dhéanamh mar, dá mba rud é go mbainfí leas as na cearta sin, ba ghá an t-athnascadh sonraí sin le hábhar ar leith sonraí dá réir. Ina theannta sin, dá bhfeidhmeofaí na cearta deireanacha sin, go háirithe agus iad á bhfeidhmiú ag líon mór ábhar sonraí, thiocfaí salach ar tháirgeadh staidreamh Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann lena ionadaíoch agus lena iontaofa a bheidís.

Tá próiseáil sonraí pearsanta chun staidreamh náisiúnta, agus, dá bhrí sin, chun staidreamh Aontais a tháirgeadh i gcomhréir le hAirteagal 338 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ba cheart an phróiseáil sin a bheith faoi réir coimircí iomchuí lena n-éilítear nár cheart na sonraí pearsanta a úsáid ach amháin chun críocha staidrimh agus nár cheart iad a úsáid chun bearta nó cinntí a dhéanamh maidir le hábhar ar leith sonraí, agus ba cheart í a bheith faoi réir ainm bréige a bheith curtha i bhfeidhm nó faoi réir coimircí iomchuí eile. Ina theannta sin, ba cheart ceanglas rúndacht an staidrimh a bheith i bhfeidhm. Leagtar an ceanglas sin síos in Airteagal 338(2) CFAE agus i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus forbraítear tuilleadh é i gcód cleachtais an staidrimh Eorpaigh, arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le bearta fisiceacha, teicneolaíochta agus eagraíochtúla chun rúndacht an staidrimh a áirithiú.[5]

(17) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] aicmiú staidrimh na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach dá dtagraítear sa Rialachán seo chun críche an pobal ábhartha de ghabháltais talmhaíochta a shainiú.

(18) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], ba cheart aonaid chríche a shainiú i gcomhréir le haicmiú Ainmníocht na nAonad Críche um Staidreamh (NUTS).

---

5 Ba cheart a mheas go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú sealadach faoi théacs Aithris 16a agus Airteagal 12a, go dtí go dtabharfaidh MECS a thuairim uaidh.

6 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Rev. 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 13, 18.01.2011, lch. 3).

(19) Ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit agus ar an Aontas araon cistiú a thabhairt in imeacht roinnt blianta chun an bailiú sonraí a chur i gcrích. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh do dheontas ón Aontas chun tacú leis an gclár sin tríd an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(20) Bunaítear leis an Rialachán seo clúdach airgeadais ar feadh ré iomlán an chreata airgeadais ilbhliantúil lena mbaineann, arb ionann é agus príomhthagairt don údarás buiséadach le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, de réir bhrí phointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar i gcúrsaí buiséid agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais[9]. Déantar foráil sa Rialachán maidir leis an mbuiséad a bhunú chun tuilleadh sonraí a bhailiú i gcomhthéacs an chreata airgeadais ina dhiaidh sin.

(21) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon an staidreamh Eorpach ar ghabháltais talmhaíochta a tháirgeadh go córasach, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur féidir, de bharr na comhsheasmhachta agus na hinchomparáideachta, é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Aontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

---

8 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, Rialachán (CE) Uimh. 165/94, Rialachán (CE) Uimh. 2799/98, Rialachán (CE) Uimh. 814/2000, Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

9 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

(22) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 cuirtear creat tagartha ar fáil don staidreamh Eorpach agus ceanglaítear ar na Ballstáit na prionsabail staidrimh agus na critéir cháilíochta a shonraítear sa Rialachán sin a chomhlíonadh. Tá tuarascálacha cáilíochta fíor-riachtanach chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a mheasúnú, a fheabhsú agus cumarsáid a dhéanamh fúithi. Tá an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach tar éis caighdeán CSE (Córas Staidrimh Eorpach) do Struchtúr na dTuarascálacha Cáilíochta a fhormhuiniú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart go rannchuideodh an caighdeán sin leis an tuairisciú cáilíochta a dhéantar faoin Rialachán seo a chomhchuibhiú.

(23) Rinneadh measúnú tionchair i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais chun an clár staidrimh a bhunaítear leis an Rialachán seo a dhíriú ar an ngá atá le héifeachtacht maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus le srianta buiséid a chomhtháthú ón gcéim deartha ar aghaidh.

(24) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le tuairiscí ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III agus gnéithe teicniúla na sonraí atá le cur ar fáil a shonrú, maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil ar bhonn ad hoc a shainiú agus maidir le modúlachtaí agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta a leagan amach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] an 16 Feabhra 2011.

(24a) Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na grúpaí saineolaithe, agus le geallsealbhóirí spriocdhírithe i luathullmhúchán dréachtghníomhartha cur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, agus aon uair a bheidh gá le saineolas níos leithne i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa chomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr an 13 Aibreán 2016.

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(25) Chun na riachtanais le sonraí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, ar riachtanais iad a eascraíonn go príomha as forbairtí nua sa talmhaíocht, as reachtaíocht athbhreithnithe agus as tosaíochtaí athraitheacha beartais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh ar na topaicí mionsonraithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcomhoiriúnacht agus chun úsáid foinsí sonraí eile a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[11]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(26) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

(27) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

[11] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo creat maidir le staidreamh Eorpach ar leibhéal na ngabháltas talmhaíochta agus déantar foráil ann maidir le faisnéis faoin struchtúr a chomhtháthú le faisnéis faoi mhodhanna táirgthe, bearta forbartha tuaithe, gnéithe agra-chomhshaoil agus le faisnéis ghaolmhar eile.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘feirm - gabháltas talmhaíochta’ aonad, ar aonad aonair é ó thaobh na teicniúlachta agus na heacnamaíochta araon, ag a bhfuil aon lucht bainistíochta amháin agus a ghabhann gníomhaíochtaí eacnamaíocha i réimse na talmhaíochta air féin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 a bhaineann le grúpaí A.01.1, A.01.2, A.01.3, A.01.4, A.01.5 nó le “talamh talmhaíochta a chothabháil ar chaoi a fhágann dea-bhail air ó thaobh na talmhaíochta agus an chomhshaoil” de ghrúpa A.01.6 laistigh de chríoch eacnamaíochta an Aontais Eorpaigh, mar ghníomhaíocht phríomhúil nó mar ghníomhaíocht thánaisteach. Maidir le gníomhaíochtaí ghrúpa A.01.49, ní áirítear díobh sin ach na gníomhaíochtaí “Tógáil agus pórú ainmhithe leathcheansaithe nó ainmhithe beo eile” (cé is moite de thógáil feithidí) agus “Beachaireacht agus táirgeadh meala agus céire beach”;

(b) ciallaíonn ‘aonad talmhaíochta de thalamh coimín’ eintiteas talún a bhfuil feidhm ag cearta coimín maidir leis agus a mbaineann dhá cheann nó níos mó de ghabháltais talmhaíochta úsáid as ar mhaithe le táirgeadh talmhaíochta ach nach bhfuil leithdháilte eatarthu;

(c) ciallaíonn ‘réigiún’ aonad críche Ainmníocht na nAonad Críche um Staidreamh (NUTS), a shainítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003;

(d) ciallaíonn “aonad beostoic” aonad caighdeánach tomhais lenar féidir na catagóirí éagsúla beostoic a chomhiomlánú chun gur féidir iad a chur i gcomparáid le chéile; liostaítear in Iarscríbhinn I na comhéifeachtaí lena socraítear na haonaid bheostoic i gcomhair catagóirí leithleacha beostoic;

(da) ciallaíonn ‘limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTU)’ an limistéar talún a úsáidtear le haghaidh feirmeoireachta, lena n-áirítear talamh arúil, féarthailte buana, barra buana agus talamh talmhaíochta eile a úsáidtear;

(e) ciallaíonn ‘bliain tagartha’ bliain féilire dá dtagraíonn na tréimhsí tagartha;

(f) ciallaíonn ‘gairdín cistine’ limistéir a úsáidtear le bia a tháirgeadh chun críche tomhaltas dílis;

(ga) ciallaíonn 'modúl' tacar sonraí amháin nó roinnt tacar sonraí atá eagraithe ar chaoi gur féidir topaicí ar leith a chumhdach;

(h) ciallaíonn 'topaic' inneachar na faisnéise atá le bailiú faoi na haonaid staidrimh; cumhdaíonn gach topaic roinnt topaicí mionsonraithe;

(i) ciallaíonn 'topaic mhionsonraithe' inneachar mionsonraithe na faisnéise atá le bailiú faoi na haonaid staidrimh a bhaineann le topaic ar leith; cumhdaíonn gach topaic roinnt topaicí mionsonraithe;

(j) ciallaíonn ‘athróg’ airí aonaid ar a bhfuiltear ag breathnú a d’fhéadfadh níos mó ná sraith amháin de luachanna a bheith ag gabháil leis.

*Airteagal 3*

**Cumhdach**

1. Cumhdóidh na sonraí a cheanglaítear a thabhairt leis an Rialachán seo 98 % den limistéar talmhaíochta iomlán a úsáidtear (LTU) (cé is moite de ghairdíní cistine) agus 98% d’aonaid bheostoic an Bhallstáit.

2. Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, cuirfidh na Ballstáit ar fáil sonraí atá ionadaíoch ar na gabháltais talmhaíochta agus na haonaid talmhaíochta de thalamh coimín a shroicheann ceann amháin ar a laghad de na tairseacha fisiceacha a liostaítear in Iarscríbhinn II maidir le méid na talún talmhaíochta nó líon na na n-aonad beostoic.

3. Mar eisceacht, i gcás inarb ionann an creat suirbhéireachta a shonraítear faoi mhír 2 agus níos mó ná 98 % den táirgeadh náisiúnta talmhaíochta, arna tomhas sin de réir an aschuir chaighdeánaigh i gcomhréir le Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 1198/2014 ón gCoimisiún[12], féadfaidh na Ballstáit, tar éis dóibh formheas roimh ré a fháil ón gCoimisiún, tairseacha fisiceacha atá níos airde, nó tairseacha eacnamaíocha comhfhreagracha, a leagan síos chun an creat suirbhéireachta a laghdú, ar choinníoll go gcumhdófar 98 % den limistéar talmhaíochta iomlán a úsáidtear (cé is moite de ghairdíní cistine) agus 98 % d'aonaid bheostoic an Bhallstáit.

4. I gcás nach ionann an creat suirbhéireachta a shonraítear faoi mhír 2 agus 98 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear agus 98 % de na haonaid bheostoic, leathnóidh na Ballstáit an creat trí thairseacha a leagan síos a bheidh níos ísle ná na tairseacha sin dá dtagraítear i mír 2, nó trí thairseacha breise a leagan síos, nó déanfaidh siad an dá rud sin.

*Airteagal 4*

**Foinsí sonraí agus modhanna**

1. Chun na sonraí a fháil dá dtagraítear sa Rialachán seo, úsáidfidh na Ballstáit foinse amháin, nó teaglaim, de na foinsí nó de na modhanna seo a leanas, ar choinníoll go bhféadfar, mar thoradh ar an bhfaisnéis, staidreamh a tháirgeadh lena gcomhlíonfar na ceanglais cháilíochta a shonraítear in Airteagal 11:

(a) suirbhéanna staidrimh;

(b) na foinsí sonraí riaracháin a shonraítear i mír 2;

(c) foinsí, modhanna nó cuir chuige nuálacha eile faoi na coinníollacha a shonraítear i mír 3.

12 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1198/2014 an 1 Lúnasa 2014 ón gComhairle lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1217/2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú (IO L 321, 7.11.2014, lch. 2).

2. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as faisnéis ón gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR) a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ón gcóras chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus ón gcóras chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle[3], ón gclár fíonghort a cuireadh chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 145 de Rialachán (CE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], agus ó chláir na feirmeoireachta orgánaí a bunaíodh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 834/2007.[5] Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as foinsí riaracháin a bhaineann le bearta sonracha maidir le forbairt na tuaithe.

3. Na Ballstáit sin a chinnfidh úsáid a bhaint as foinsí, modhanna nó cuir chuige nuálacha seachas na cinn sin a luaitear i mír 2, cuirfidh siad an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas ina thaobh le linn na bliana roimh an mbliain tagartha agus cuirfidh siad eolas ar fáil i ndáil le cáilíocht na sonraí arna bhfáil ón bhfoinse sin agus leis na modhanna bailithe sonraí atá le húsáid.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 ón gComhairle (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1)

[3] Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe caorach agus gabhair a shainaithint agus a chlárú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 agus Treoir 92/102/CEE agus Treoir 64/432/CEE (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

4. Na húdaráis náisiúnta atá freagrach as ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, beidh sé de cheart acu rochtain a fháil ar shonraí agus iad a úsáid, go pras agus saor in aisce, lena n-áirítear sonraí aonair ar ghabháltais talmhaíochta agus sonraí pearsanta ar a sealbhóirí atá le fáil i gcomhaid riaracháin a tiomsaíodh ina gcríocha náisiúnta de bhun Airteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta agus úinéirí na dtaifead riaracháin na sásraí comhair is gá a bhunú.

*Airteagal 5*

**Croí-shonraí struchtúracha**

1. Déanfaidh na Ballstáit na croí-shonraí struchtúracha ("croí-shonraí") a bhaineann leis na gabháltais talmhaíochta dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 d'Airteagal 3 a bhailiú agus a chur ar fáil le haghaidh na mblianta tagartha 2020, 2023 agus 2026, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III. Déanfar croí-shonraí na bliana tagartha 2020 a bhailiú i bhfoirm móráirimh.

2. Féadfar croí-shonraí na mblianta tagartha 2023 agus 2026 a bhailiú i bhfoirm samplaí. Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na torthaí ualaithe ionadaíoch ó thaobh staidrimh de i dtaca le gabháltais talmhaíochta laistigh de gach réigiún agus gur ceapadh iad d'fhonn na ceanglais bheachtais a leagtar amach in Iarscríbhinn V a chomhlíonadh.

3. I gcás ina bhfuil leitheadúlacht íseal nó leitheadúlacht nialasach i mBallstát ag athróg a liostaítear in Iarscríbhinn III, féadfar an athróg sin a fhágáil ar lár ón mbailiú sonraí faoi réir an Ballstát faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat) i rith na bliana féilire roimh an mbliain tagartha, ar faisnéis í a léireoidh údar cuí leis an airí a fhágáil ar lár.

4. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na tuairiscí ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III a shonrú, agus áiritheoidh sé, ag an am céanna, go mbeidh bonn cirt cuí leis na gníomhartha cur chun feidhme sin agus nach gcuirfear ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit nó ar na freagróirí leo.

5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2) tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo+6 mhí, nó an 31 Nollaig 2018, cibé acu is déanaí] le haghaidh na bliana tagartha 2020, tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2021 le haghaidh na bliana tagartha 2023, agus tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2024 le haghaidh na bliana tagartha 2026.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 a bhaineann le leasuithe ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III i gcás go mbeadh gá léi chun comhchuibhiú a dhéanamh leis na foinsí sonraí a shonraítear in Airteagal 4(2) le haghaidh na mblianta 2023 agus 2026. Agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear gníomhartha tarmligthe den sórt sin in ionad na n-athróg sin a liostaítear in Iarscríbhinn III nach féidir a dhíorthú go díreach a thuilleadh ó na foinsí sonraí a shonraítear, agus ina n-ionad sin amháin. I gcás ina ndéanfar an cur in ionad sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na hathróga nua a dhíorthú ó na foinsí sonraí a shonraítear in Airteagal 4(2). Áiritheoidh sé freisin, go mbeidh bonn cirt cuí leis na gníomhartha nua tarmligthe sin agus nach gcuirfear ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit nó ar na freagróirí leo.

7. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 30 Meán Fómhair 2021 le haghaidh na bliana tagartha 2023 agus faoin 30 Meán Fómhair 2024 le haghaidh na bliana tagartha 2026.

*Airteagal 6*

**Leathnú an chreata**

1. Na Ballstáit sin a leathnóidh an creat i gcomhréir le hAirteagal 3(4), cuirfidh siad croí-shonraí ar fáil ar na gabháltais talmhaíochta a áirítear mar chuid den leathnú creata le haghaidh na bliana tagartha 2020, agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn III á cumhdach acu.

2. An bailiú sonraí ar na gabháltais talmhaíochta atá áirithe i leathnú an chreata, féadfar é a dhéanamh ar shamplaí. Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na torthaí ualaithe ionadaíoch ó thaobh staidrimh de i dtaca le gabháltais talmhaíochta laistigh de gach réigiún agus gur ceapadh iad d'fhonn na ceanglais bheachtais a leagtar amach in Iarscríbhinn V a chomhlíonadh.

*Airteagal 7*

**Sonraí modúlacha**

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí modúlacha ('modúil') a bhailiú agus a chur ar fáil ar na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV le haghaidh na mblianta tagartha seo a leanas:

(a) an modúl "Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile" le haghaidh 2020, 2023 agus 2026;

(b) an modúl "Forbairt tuaithe" le haghaidh 2020, 2023 agus 2026;

(c) an modúl "Tithíocht ainmhithe agus bainistiú ar aoileach" le haghaidh 2020 agus 2026;

(d) an modúl "Uisciú" le haghaidh 2023;

(e) an modúl "Cleachtais bainistithe ithreach" le haghaidh 2023;

(f) an modúl "Innealra agus trealamh " le haghaidh 2023;

(g) an modúl "Úllord" le haghaidh 2023;

(h) an modúl "Fíonghort" le haghaidh 2026.

2. Áireofar i raon feidhme na mbailithe sonraí sin na gabháltais talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 3(3).

3. An bailiú sonraí maidir le modúil, féadfar é a chur i gcrích ar shamplaí de ghabháltais talmhaíochta. Sa chás sin, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na torthaí ualaithe ionadaíoch ó thaobh staidrimh de i dtaca le gabháltais talmhaíochta laistigh de gach réigiún agus gur ceapadh iad d'fhonn na ceanglais bheachtais a leagtar amach in Iarscríbhinn V a chomhlíonadh.

4. Baileofar na modúil ó fhoshamplaí nó ó na haonaid go léir sa sampla de na gabháltais talmhaíochta dá mbailítear croíshonraí. Beidh na modúil mar léiriú ar an staid sa bhliain tagartha nó sa bhliain a thagann díreach roimh an mbliain tagartha nó ina diaidh. Ar aon chaoi, beidh na croí-shonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III ag gabháil le gach taifead ina dtugtar faisnéis faoi na modúil.

5. Na Ballstáit sin arb é 1000 heicteár ar a laghad é an limistéar atá iontu ina saothraítear aon cheann de na barra ar leith dá dtagraítear faoi thopaicí mionsonraithe an mhodúil “Úllord” in Iarscríbhinn IV, ar barra iad a shaothraítear go hiomlán nó go príomha don mhargadh, cuirtear de cheangal orthu an modúl ‘Úllord’ a chur bhfeidhm i gcás an bhairr áirithe sin.

6. Na Ballstáit sin arb é 1000 heicteár ar a laghad é na fíonghoirt atá iontu atá faoi fhíniúnacha fíonchaor, a shaothraítear go hiomlán nó go príomha don mhargadh, cuirtear de cheangal orthu an modúl ‘Fíonghort’ a chur i bhfeidhm.

7. Na Ballstáit sin ar lú ná 2 % den LTU an limistéar inuiscithe iontu agus gan aon réigiún ar leibhéal NUTS 2 iontu inarb ionann agus 5 % den LTU, ar a laghad, an limistéar inuiscithe atá iontu siúd, díolmhófar iad ón modúl “Uisciú” a chur i bhfeidhm.

8. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas mar gheall ar chásanna a mbaineann mír 5, mír 6 nó mír 7 thuas leo faoi dheireadh mhí an Mheithimh den bhliain roimh an mbliain tagartha lena mbaineann.

9. I gcás ina bhfuil leitheadúlacht íseal nó leitheadúlacht nialasach i mBallstát ag athróg, féadfar an athróg sin a fhágáil ar lár ón mbailiú sonraí faoi réir an Ballstát faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat) i rith na bliana féilire roimh an mbliain tagartha, ar faisnéis í a léireoidh údar cuí leis an athróg a fhágáil ar lár.

*Airteagal 8*

**Sonraíocht theicniúil maidir leis na sonraí modúlacha**

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun críche sonrú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla na sonraí a leanas atá le cur ar fáil le haghaidh gach modúil agus le haghaidh na topaice comhfhreagraí agus na topaice mionsonraithe comhfhreagraí a liostaítear in Iarscríbhinn IV:

   (a) liosta na n-athróg;

   (b) tuairiscí ar na hathróga.

2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2) tráth nach déanaí ná [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo+6 mhí, nó an 31 Nollaig 2018, cibé acu is déanaí] le haghaidh na bliana tagartha 2020, tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2021 le haghaidh na bliana tagartha 2023, agus tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2024 le haghaidh na bliana tagartha 2026. Ní chuirfear, leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit.

(2a) Nuair a ghlactar gníomhartha cur chun feidhme den chéad uair, lena sonrófar líon na n-athróg i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní rachaidh líon foriomlán na gcroí-athróg agus athróga na modúl, thar líon na n-athróg sin arna dtarchur ar bhonn éigeantach ag na Ballstáit, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011, chomh maith leis na gníomhartha arna nglacadh ar bhonn na Rialachán sin.

(2b) Aon uair a éileofar sonraí nua, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí agus chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal áirithe solúbthachta ar bhealach teoranta, rialaithe, déanfaidh an Coimisiún, de bhreis ar na sonraí sin a bailíodh cheana féin faoi na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír [2a], gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áiritheofar nach dtiocfaidh, i gcás gach modúil a liostaítear in Airteagal 7(1) den Rialachán seo, méadú ar líon na n-athróg le hais líon na n-athróg a tharchuirtear i gcomhréir leis na chéad gníomhartha cur chun feidhme sin.

3. I gcás na mblianta 2023 agus 2026, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun leasuithe a dhéanamh ar na topaicí mionsonraithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV. Agus a chumhacht á feidhmiú aige, áiritheoidh an Coimisiún nach dtiocfaidh méadú, mar thoradh ar na gníomhartha tarmligthe sin, ar líon na n-athróg a bheidh le bailiú mar atá sé sonraithe i mír 2a agus 2b. Thairis sin, áiritheoidh sé go mbeidh bonn cirt leis na gníomhartha tarmligthe sin agus nach gcuirfidh siad ualach nó costas breise suntasach ar na Ballstáit ná ar na freagróirí, agus go n-athrófar uasmhéid 20% de na topaicí mionsonraithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV i gcás gach modúil trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Más rud é, áfach, gurb ionann 20% agus níos lú ná aon topaic mhionsonraithe amháin, is féidir, sa chás sin, topaic mhionsonraithe amháin fós a athrú.

4. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin 30 Meán Fómhair 2021 le haghaidh na bliana tagartha 2023 agus faoin 30 Meán Fómhair 2024 le haghaidh na bliana tagartha 2026.

*Airteagal 9*

**Sonraí ad hoc**

1. I gcás na mblianta tagartha 2023 agus 2026, cumhachtófar don Choimisiún (Eurostat) gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun críche sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil ar bhonn ad hoc trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

(a) liosta athróg nach bhfuil níos mó ná 10 athróg ann a bheidh le tarchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) mar aon leis na haonaid tomhais chomhfhreagracha;

(b) tuairiscí ar na hathróga;

(c) na ceanglais bheachtais;

(d) an bhliain tagartha;

(e) na tréimhsí tagartha;

(f) na dátaí tarchuir.

2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2) tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thosach na bliana tagartha. Áiritheoidh an Coimisiún, nach gcuirfearualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit, leis na gníomhartha cur chun feidhme sin.

*Airteagal 10*

**Tréimhse tagartha**

Bainfidh an fhaisnéis a bhaileofar le bliain tagartha amháin ar bliain choiteann í ag na Ballstáit uile trí thagairt a dhéanamh don staid le linn achar ama nó dáta sonraithe mar leanas:

(a) Maidir le hathróga talún: tréimhse 12 mhí dar críoch lá tagartha idir 1 Márta agus 31 Deireadh Fómhair den bhliain tagartha.

(b) Maidir le hathróga a ghabhann le cleachtais uisciúcháin agus cleachtais bainistithe ithreach, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha tréimhse 12 mhí a dtiocfaidh críoch léi laistigh den bhliain tagartha agus a shocróidh gach Ballstát ar chaoi a chumhdóidh na timthriallta táirgthe lena mbaineann.

(c) Maidir le hathróga a ghabhann le beostoc, tithíocht ainmhithe agus bainistiú ar aoileach, socróidh gach Ballstát lá tagartha comónta laistigh den bhliain tagartha. Na hathróga a ghabhann le bainistiú ar aoileach, bainfidh siad leis an tréimhse 12 mhí lena n-áirítear an dáta sin.

(d) Maidir le hathróga a ghabhann le lucht saothair, socróidh gach Ballstát tréimhse thagartha 12 mhí a dtiocfaidh críoch léi laistigh den bhliain tagartha.

(e) Maidir le hathróga a ghabhann le bearta forbartha tuaithe a cuireadh chun feidhme ar na gabháltais talmhaíochta aonair, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha tréimhse trí bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain tagartha.

(f) Maidir leis na hathróga eile ar fad, socróidh gach Ballstát lá tagartha comhchoiteann laistigh den bhliain tagartha.

*Airteagal 11*

**Cáilíocht**

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirfear a áirithiú.

2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta a shainítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirfear a mheasúnú.

4. Chun na críche sin, tarchuirfidh na Ballstáit i gcás gach bliana tagartha a chumhdaítear leis an Rialachán seo, tarchuirfidh siad tuarascáil cáilíochta chuig an gCoimisiún (Eurostat) ina mbeidh tuairisc ar an bpróiseas staitistiúil, lena n-áirítear go háirithe:

   (a) meiteashonraí a thuairiscíonn an mhodheolaíocht a úsáideadh agus an chaoi ar baineadh amach na sonraíochtaí teicniúla faoi threoir na sonraíochtaí a leagtar síos leis an Rialachán seo;

   (b) faisnéis maidir le comhlíonadh na n-íoscheanglas a ghabhann leis na creataí samplála a úsáideadh, lena n-áirítear iad a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, mar a leagtar síos sa Rialachán seo.

   Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach rialacha mionsonraithe agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus ní chuirfear ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit leo.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi aon fhaisnéis ábhartha nó aon athrú ábhartha i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar cháilíocht na sonraí a tarchuireadh.

6. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón gCoimisiún (Eurostat), tabharfaidh na Ballstáit soiléiriú riachtanach breise chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise staidrimh.

*Airteagal 12*

**Sonraí agus meiteashonraí a tharchur agus na spriocdhátaí chuige sin**

1. I gcás na bliana tagartha 2020, déanfaidh na Ballstáit croí-shonraí bailíochtaithe agus sonraí modúlacha bailíochtaithe a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de 18 mhí roimh dheireadh na bliana tagartha.

2. I gcás na mblianta tagartha 2023 agus 2026, déanfaidh na Ballstáit croí-shonraí bailíochtaithe agus sonraí modúlacha bailíochtaithe a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de 12 mhí roimh dheireadh na bliana tagartha.

3. Is ar leibhéal na ngabháltas talmhaíochta aonair a bheidh na sonraí a tharchuirfear chuig an gCoimisiún. Déanfar na sonraí modúlacha agus na sonraí ad hoc a nascadh ar leibhéal na ngabháltas talmhaíochta aonair le haghaidh na bliana tagartha céanna leis na croí-shonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III. Beidh na fachtóirí eachtarshuímh ar áireamh sna taifid a chuirfear ar fáil.

3a. Mar eisceacht ar mhír 3, na Ballstáit a úsáideann an clár fíonghort dá dtagraítear in Airteagal 4(2) mar fhoinse chun sonraí a chur ar fáil a bhaineann le módúl na bhfíonghort in 2026, níl sé d'oibleagáid ar na Ballstáit sin na sonraí modúlacha a nascadh leis na croíshonraí a liostaítear in Iarscríbhinn III ar leibhéal na ngabháltas aonair.

4. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a tharchur trí bhíthin formáid theicniúil arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat). Cuirfear na sonraí agus na meiteashonraí ar fáil don Choimisiún (Eurostat) trí sheirbhísí an phointe iontrála aonair a úsáid.

*Airteagal 12a*

**Cosaint sonraí**[13]

1. I gcás ina ndéanfaidh institiúidí staidrimh náisiúnta agus/nó údaráis náisiúnta eile sonraí pearsanta a phróiseáil ar mhaithe leis an leas poiblí chun na gcríoch staidrimh a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus go gcoimeádtar i bhfoirm iad lena bhféadtar ábhair shonraí a shainaithint ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse is gá chun staidreamh an Aontais a chruthú agus chun na críche sin amháin, ní bheidh feidhm ag na cearta dá dtagraítear in Airteagail 15, 16, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2016/679 i gcomhréir le hAirteagal 89(2) de Rialachán (AE) 2016/679.

2. Ní úsáidfear na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 ach amháin chun críocha staidrimh, ní úsáidfear iad chun bearta nó cinntí a dhéanamh a bhaineann le hábhar ar leith sonraí, beidh siad faoi réir ainm bréige a bheith curtha i bhfeidhm orthu agus faoi réir coimircí iomchuí eile de réir bhrí Airteagal 89(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus comhlíonfar ceanglais rúndacht an staidrimh leo a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

*Airteagal 13*

**Ranníocaíocht an Aontais**

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, cuirfidh an tAontas deontais ar fáil do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 223/2009 ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:

   (a) ceanglais maidir le sonraí a fhorbairt nó a chur chun feidhme, nó an dá rud;

   (b) modheolaíochtaí a fhorbairt agus teicneolaíochtaí a nuachóiriú arb é is aidhm dóibh cáilíocht níos fearr a bhaint amach nó costais níos ísle agus ualach riaracháin níos lú i dtaca le bailiú agus táirgeadh staidrimh chomhtháite feirme a bhaint amach, nó an dá rud.

---

[13] Ba cheart a mheas go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú sealadach faoi théacs Aithris 16a agus Airteagal 12a, go dtí go dtabharfaidh MECS a thuairim uaidh.

2. Gheobhaidh na Ballstáit deontais ón Aontas chun na costais a chumhdach i gcás na mbailithe sonraí a shonraítear in Airteagal 5, in Airteagal 6 agus in Airteagal 7 faoi raon feidhme an chlúdaigh airgeadais a shonraítear in Airteagal 14.

3. Ní sháróidh ranníocaíocht an Aontais, dá dtagraítear i mír 2, 75% de na costais atá incháilithe, faoi réir na n-uasmhéideanna a shonraítear i mír 4 agus i mír 5.

4. I gcás costas na croí-shonraí agus na sonraí modúlacha araon a bhailiú do 2020, beidh ranníocaíocht an Aontais teoranta do na huasmhéideanna a shonraítear thíos:

(a) EUR 50 000 an ceann do Lucsamburg agus do Mhálta;

(b) EUR 1 000 000 an ceann don Ostair, don Chróit, d'Éirinn agus don Liotuáin;

(c) EUR 2 000 000 an ceann don Bhulgáir, don Ghearmáin, don Ungáir, don Phortaingéil agus don Ríocht Aontaithe;

(d) EUR 3 000 000 an ceann don Ghréig, don Spáinn agus don Fhrainc;

(e) EUR 4 000 000 an ceann don Iodáil, don Pholainn agus don Rómáin;

(f) EUR 300 000 an ceann do gach Ballstát eile.

5. I gcás bhailiú na croí-shonraí agus na sonraí modúlacha in 2023 agus 2026, déanfar an t-uasmhéid a shonraítear i mír 4 a laghdú 50 %, faoi réir fhorálacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse i ndiaidh 2020.

6. I gcás bhailiú na sonraí ad hoc a shonraítear in Airteagal 9, cuirfidh an tAontas deontais ar fáil do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 223/2009 ar mhaithe leis an gcostas a chumhdach a ghabhann le bailiú sonraí ad hoc a chur chun feidhme. Ní rachaidh an ranníocaíocht airgeadais sin ón Aontas thar 90 % de na costais incháilithe.

**7.** Is tríd an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, faoi Airteagal 4(2), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, a chuirtear ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil do na deontais dá dtagraítear i mír 2.

*Airteagal 14*

**Clúdach airgeadais**

1. EUR 40 000 000 a bheidh i gclúdach airgeadais an Aontais don tréimhse 2018-2020, atá faoi chumhdach an chreata airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, chun clár na mbailithe sonraí le haghaidh na bliana tagartha suirbhé 2020 a chur chun feidhme, lena n-áirítear na leithreasuithe is gá chun na córais bhunachar sonraí a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt a úsáidfear laistigh den Choimisiún chun sonraí a sholáthróidh na Ballstáit faoi fhorálacha an Rialacháin seo a phróiseáil.

2. Tar éis theacht i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil ó 2020 amach, socróidh an t-údarás buiséadach agus reachtach, ar thogra ón gCoimisiún, an méid le haghaidh na tréimhse i ndiaidh 2020.

*Airteagal 15*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena áirithiú, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo chun feidhme, go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha comhsheasmhacha éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, trí phionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Beidh cumhacht ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, iniúchtaí a dhéanamh, ar bhonn doiciméad agus seiceálacha ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, conraitheoir agus fochonraitheoir agus tríú páirtithe a fuair cistí Aontais, go díreach nó go hindíreach, faoin gClár.

3. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar oibreoirí eacnamaíocha a mbaineann cistiú den sórt sin go díreach nó go hindíreach leo, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] agus i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[15] d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i ndáil le comhaontú deontais nó le cinneadh deontais nó le conradh arna chistiú, go díreach nó go hindíreach, faoi chuimsiú an Rialacháin seo.

4. Maidir le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe deontais agus le cinntí deontais a thiocfaidh as cur chun feidhme an Rialacháin seo, tabharfar an chumhacht go sainráite iontu don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchtaí, seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair den sórt sin a dhéanamh.

5. I gcás ina ndéanfar cur chun feidhme gníomhaíochta ar leith a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó gur gá conradh soláthair a dhámhachtain nó tacaíocht airgeadais a thabhairt do thríú páirtí ina leith, luafar sa chonradh, sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais an oibleagáid atá ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí ceangal a chur ar aon tríú páirtí lena mbaineann glacadh go follasach leis na cumhachtaí sin de chuid an Choimisiúin, na Cúirte Iniúchóirí agus OLAF.

6. Beidh feidhm ag mír 4 agus ag mír 5 gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3.

---

14 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

15 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

*Airteagal 16*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(6) agus in Airteagal 8(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta cruinn theacht i bhfeidhm an Rialacháin]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(6) agus in Airteagal 8(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(6) nó Airteagal 8(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(3) I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fomhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(4) Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le CCSE, tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cuspóirí an Rialacháin seo a chur chun feidhme agus a bhaint amach.

*Airteagal 17a*

**Maoluithe**

De mhaolú ar Airteagail 5, 6(1), 7(1)(a), 7(1)(b), 7(1)(c), 8(2), 12(1), 13(4), 14(1), Iarscríbhinn V, cuirfear tagairtí don bhliain 2019 in ionad tagairtí don bhliain 2020, más gá, i gcás na Gréige, na Spáinne agus na Portaingéile.

*Airteagal 18*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1337/2011, le héifeacht ón 1 Eanáir 2022.
2. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008, le héifeacht ón 1 Eanáir 2019.
3. Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 19*

**Teacht i bhfeidhm**

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

# IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an Togra le haghaidh*

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 1337/2011**

## IARSCRÍBHINN I – Comhéifeachtaí na n-aonad beostoic

| *An cineál ainmhí* | *Airí an ainmhí* | *Comhéifeacht* |
|---|---|---|
| **Bó-ainmhithe** | Faoi bhun 1 bhliain d'aois | 0.400 |
| | 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois | 0.700 |
| | Fireann, 2 bhliain d'aois nó níos sine | 1.000 |
| | Bodóga, 2 bhliain d'aois nó níos sine | 0.800 |
| | Ba déiríochta | 1.000 |
| | Ba neamhdhéiríochta | 0.800 |
| **Caoirigh agus gabhair** | | 0.100 |
| **Muca** | Bainbh, ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan | 0.027 |
| | Cránacha pórúcháin arb é a mbeomheáchan 50 kg nó níos mó | 0.500 |
| | Muca eile | 0.300 |
| **Éanlaith chlóis** | Sicíní grísce | 0.007 |
| | Béaróga | 0.014 |
| | **Éanlaith chlóis eile** | |
| | Turcaithe | 0.030 |

| | | |
|---|---|---|
| | Lachain | 0.010 |
| | Géanna | 0.020 |
| | Ostraisí | 0.350 |
| | Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | 0.001 |
| **Coiníní, baineannaigh phórúcháin** | | 0.020 |

**Iarscríbhinn II – Liosta na dtairseach fisiceach[16]**

| *Ítim* | *Tairseach* |
|---|---|
| An t-achar talmhaíochta a úsáidtear | 5 ha |
| Talamh arúil | 2 ha |
| Prátaí | 0.5 ha |
| Glasraí úra agus sútha talún | 0.5 ha |
| Plandaí aramatacha, míochaine agus cócaireachta, bláthanna agus plandaí ornáideacha, síolta agus síolphlandaí, plandlanna | 0.2 ha |
| crainn torthaí, caora, crainn chnónna, crainn torthaí citris, barra buana eile cé is moite de phlandlanna, fíonghoirt agus crainn ológ | 0.3 ha |
| Fíonghoirt | 0.1 ha |
| Crainn ológ | 0.3 ha |
| Tithe gloine | $100m^2$ |
| Muisiriúin shaothraithe | $100m^2$ |
| Beostoc | 2 aonad beostoic |

16 Is infheidhme na tairseacha maidir leis an ngrúpa ítimí a liostaítear.

| **Iarscríbhinn III – Croíshonraí struchtúracha: Athróga** | | |
|---|---|---|
| ***Athróga ginearálta*** | | ***Aonaid/Catagóirí do luachanna*** |
| **Faisnéis suirbhé** | | |
| - | Aitheantóir an ghabháltais talmhaíochta | Aitheantas an ghabháltais |
| **Suíomh an ghabháltais** | | |
| - | Suíomh geografach | Greille na nAonad Staidrimh mar s shainítear í i roinn 1.4 d'Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimintna hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme maidir le hidir-inoibritheacht tacair agus seirbhísí sonraí spásúla |
| - | Réigiún NUTS 3 | Cód NUTS 3 |
| - | Tá limistéir sa ghabháltas atá ainmnithe ina limistéir a bhfuil srianta nádúrtha orthu faoi Rialachán Uimh. 1305/2013. | L/M/O/N[17] |
| **Pearsanacht dhlítheanach an ghabháltais** | | |
| - | Tá freagracht dhlíthiúil agus eacnamaíochta an ghabháltais glactha ag: | |

[17] L – limistéir, seachas limistéir sléibhe, a bhfuil srianta suntasacha nádúrtha orthu; M – limistéar sléibhe mídheisiúil; O – limistéir eile a bhfuil srianta sonracha orthu; N – gnáthlimistéar (nach bhfuil mídheisiúil). Féadfar an t-aicmiú seo a oiriúnú amach anseo de réir athruithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta.

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Duine nádúrtha arb é an sealbhóir aonair é, i gcás inar gabháltas neamhspleách é | | chuathas/ní dheachthas |
| - | - | Más ea, an é an sealbhóir an bainisteoir freisin? | is é/ní hé |
| - | - | Murab ea, an duine de mhuintir an tsealbhóra an bainisteoir? | is ea/ní hea |
| - | - | Más ea, an é céile an tsealbhóra an bainisteoir? | is é/ní hé |
| - | Duine nádúrtha amháin nó níos mó atá ina chomhpháirtí, i gcás inar gabháltas grúpa é an gabháltas | | is ea/ní hea |
| - | Duine dlítheanach | | is ea/ní hea |
| - | - | Má tá, an bhfuil an gabháltas talmhaíochta mar chuid de ghrúpa fiontar? | tá/níl |
| - | Aonad talún coimín is ea an gabháltas | | is ea/ní hea |
| - | Tairbhí tacaíocht AE i gcomhair talamh nó ainmhithe ar an ngabháltas is ea an sealbhóir, agus tá sé ar áireamh in CCRR dá bhrí sin | | is ea/ní hea |
| **Bainisteoir an ghabháltais** | | | |
| - | Bliain bhreithe | | bliain |
| - | Gnéas | | fireann/baineann |
| - | Obair feirme ar an ngabháltas (seachas obair tí) | | bandaí AWU[18] |
| - | Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora | | cóid oiliúna |

[18] Aonad Oibre Bliantúil (AWU) banda céatadáin 2: (> 0-< 25), (≥ 25-< 50), (≥ 50-< 75), (≥ 75-< 100), (100)

| | | |
|---|---|---|
| - | Chuathas faoi ghairmoiliúint le 12 mhí anuas | chuathas/ní dheachthas |
| **An cineál seilbhe (atá ag an sealbhóir) ar an limistéar talmhaíochta úsáidtear** | | |
| - | Feirmeoireacht ar thalamh dílis | ha |
| - | Feirmeoireacht ar thalamh dílis | ha |
| - | Sciarfheirmeoireacht nó móid seilbhe eile | ha |
| - | Talamh coimín | ha |
| **Feirmeoireacht orgánach** | | chuathas/ní dheachthas |
| - | An limistéar talmhaíochta iomlán den ghabháltas a úsáidtear agus ar a ndéantar modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach a chur i bhfeidhm, agus iad deimhnithe de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh | ha |
| - | An limistéar talmhaíochta iomlán den ghabháltas a úsáidtear agus atá á thiontú go modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach, agus atá le deimhniú de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh | ha |

| Athróga talún | | | | ***Príomhlimistéar iomlán*** | ***an líon de sin atá deimhnithe agus/nó á thiontú i gcomhair feirmeoireacht orgánach*** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **An limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTU)** | | | | ha | ha |
| **-** | **Talamh arúil** | | | ha | ha |
| - | - | Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol) | | ha | ha |
| - | - | - | Cruithneacht bhog agus speilt | ha | |
| - | - | - | Cruithneacht chrua (dúram) | ha | |
| - | - | - | Seagal agus meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislin) | ha | |
| - | - | - | Eorna | ha | |
| - | - | - | Coirce agus meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislin) | ha | |
| - | - | - | Arbhar Indiach gráin agus meascán arbhair déise | ha | |
| - | - | - | Triteacál | ha | |
| - | - | - | Sorgam | ha | |
| - | - | - | Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (ruán, muiléad agus síolta éan, etc.) | ha | |
| - | - | - | Rís | ha | |
| - | - | Pulsanna tirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol agus meascáin de ghránaigh agus de phulsanna) | | ha | ha |
| - | - | - | Piseanna léana, pónairí agus lúipíní milse | ha | |
| - | - | Barra fréimhe | | ha | ha |
| - | - | - | Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl) | ha | ha |
| - | - | - | Biatas siúcra (seachas síol) | ha | ha |
| - | - | - | Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | ha | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| - | - | Barra tionsclaíocha | | | ha | ha |
| - | - | - | Olashíolta | | ha | ha |
| - | - | - | - | Síol ráibe agus tornapa | ha | |
| - | - | - | - | Síol lus na gréine | ha | |
| - | - | - | - | Soighe | ha | |
| - | - | - | - | Ros lín (líon ola) | ha | |
| - | - | - | - | Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | ha | |
| - | - | - | Barra snáithín | | ha | |
| - | - | - | - | Snáithín lín | ha | |
| - | - | - | - | Cnáib | ha | |
| - | - | - | - | Cadás | ha | |
| - | - | - | - | Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | ha | |
| - | - | - | Tobac | | ha | |
| - | - | - | Leannlusanna | | ha | |
| - | - | - | Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus cócaireachta | | ha | |
| - | - | - | Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | ha | |
| - | - | - | Barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | ha | |
| - | - | Plandaí atá glas tráth a bhuaintear ó thalamh arúil iad | | | ha | ha |
| - | - | - | Féara sealadacha agus féarach sealadach | | ha | ha |
| - | - | - | Plandaí léagúmacha atá glas tráth a bhuaintear iad | | ha | |
| - | - | - | Arbhar Indiach glas | | ha | |
| - | - | - | Gránaigh eile atá glas tráth a bhuaintear iad (seachas arbhar Indiach glas) | | ha | |
| - | - | - | Plandaí eile atá glas tráth a bhuaintear ó thalamh arúil iad nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | ha | |
| - | - | Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún | | | ha | ha |
| - | - | - | Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra gortóireachta (garraíodóireacht mhargaidh) | | ha | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| - | - | - | Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra nach barra gortóireachta iad (gort oscailte) | | ha | |
| - | - | Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna) | | | ha | |
| - | - | Síolta agus síolphlandaí | | | ha | ha |
| - | - | Barra talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | | ha | |
| - | - | Branar | | | ha | |
| - | **Féarthailte buana** | | | | ha | ha |
| - | - | Féarach agus móinéar, seachas féaraigh gharbha | | | ha | ha |
| - | - | Féaraigh gharbha | | | ha | ha |
| - | - | Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgeadh agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas | | | ha | |
| - | **Barra buana ar ghort oscailte (lena n-áirítear plandálacha óga agus plandálacha atá tréigthe go sealadach, cé is moite de limistéir a sholáthraíonn táirgeacht do thomhaltas dílis)** | | | | ha | ha |
| - | - | Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún) | | | ha | ha |
| - | - | - | Torthaí póma | | ha | |
| - | - | - | Torthaí cloiche | | ha | |
| - | - | - | Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha | | ha | |
| - | - | - | Caora (seachas sútha talún) | | ha | |
| - | - | - | Cnónna | | ha | |
| - | - | Torthaí citris | | | ha | ha |
| - | - | Fíonchaora | | | ha | |
| - | - | - | Fíonchaora le haghaidh fíonta | | ha | ha |
| - | - | - | - | Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) acu | ha | |
| - | - | - | - | Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) acu | ha | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| - | - | - | - | Fíonchaora le haghaidh fíonta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (nach bhfuil STFC/TGFC acu) | ha | |
| - | - | - | Fíonchaora boird | | ha | |
| - | - | - | Fíonchaora le haghaidh rísíní | | ha | |
| - | - | Ológa | | | ha | ha |
| - | - | Plandlanna | | | ha | |
| - | - | Barra buana eile lena n-áirítear barra buana eile lena gcaitheamh ag an duine. | | | ha | |
| - | - | - | Crainn Nollag | | ha | |
| - | **Gairdíní cistine** | | | | ha | |
| **Talamh feirme eile** | | | | | ha | |
| - | Talamh talmhaíochta nach n-úsáidtear | | | | ha | |
| - | Limistéar faoi chrainn | | | | ha | |
| - | - | Roschoillte gearr-uainíochta | | | ha | |
| - | Talamh eile (talamh ar a bhfuil foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte agus limistéir neamhtháirgiúla eile) | | | | ha | |
| **Limistéir gabháltais speisialta** | | | | | | |
| - | Muisiriúin shaothraithe | | | | ha | |
| **Limistéar talmhaíochta a úsáidtear, é faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** | | | | | ha | |
| - | Glasraí, lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | | | | ha | ha |
| - | Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | | | | ha | |
| - | Barra talún arúla eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | | | | ha | |
| - | Barra buana atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana | | | | ha | |
| - | LTU eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | | | ha | |

| Uisciú i limistéar saothraithe faoin aer | | | |
|---|---|---|---|
| - | Limistéar iomlán inuiscithe | ha | |

| **Athróga beostoic** | | | | *Líon iomlán na n-ainmhithe* | *an líon de sin atá deimhnithe agus/nó á thiontú i gcomhair feirmeoireacht orgánach* |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Bó-ainmhithe** | | | | | ceann |
| - | Bó-ainmhithe atá faoi bhun aon bhliain d'aois | | | ceann | |
| - | Bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois | | | ceann | |
| - | - | Bó-ainmhithe fireanna, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois | | ceann | |
| - | - | Bodóga, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois | | ceann | |
| - | Bó-ainmhithe fireanna, dhá bhliain d'aois nó níos sine | | | ceann | |
| - | Bó-ainmhithe baineanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine | | | ceann | |
| - | - | Bodóga, dhá bhliain d'aois nó níos sine | | ceann | |
| - | - | Ba | | ceann | |
| - | - | - | Ba déiríochta | ceann | |
| - | - | - | Ba neamhdhéiríochta | ceann | |
| **Caoirigh agus gabhair** | | | | | ceann |
| - | Caoirigh (gach aois) | | | ceann | |
| - | - | Baineannaigh phórúcháin | | ceann | |
| - | - | Caoirigh eile | | ceann | |
| - | Gabhair (gach aois) | | | ceann | |
| - | - | Baineannaigh phórúcháin | | ceann | |
| - | - | Gabhair eile | | ceann | |
| **Muca** | | | | | ceann |
| - | Bainbh, ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan | | | ceann | |
| - | Cránacha pórúcháin arb é a mbeomheáchan 50 kg nó níos mó | | | ceann | |
| - | Muca eile | | | ceann | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Éanlaith chlóis** | | | | ceann |
| - | Sicíní grísce | | ceann | |
| - | Béaróga | | ceann | |
| - | Éanlaith chlóis eile | | ceann | |
| - | - | Turcaithe | ceann | |
| - | - | Lachain | ceann | |
| - | - | Géanna | ceann | |
| - | - | Ostraisí | ceann | |
| - | - | Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile | ceann | |
| **Coiníní** | | | | |
| - | Baineannaigh phórúcháin | | ceann | |
| **Beacha** | | | coirceoga | |
| **Fianna** | | | chuathas/ní dheachthas | |
| **Ainmhithe fionnaidh** | | | chuathas/ní dheachthas | |
| **Beostoic nach n-aicmítear in áit ar bith eile** | | | chuathas/ní dheachthas | |

| **Iarscríbhinn IV – Topaicí agus topaicí mionsonraithe a chuimsítear sna sonraí modúlacha** | | |
|---|---|---|
| ***Modúl*** | ***Topaic*** | ***Topaic mhionsonraithe*** |
| **Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile** | **Inmharthanacht bhainistíocht na feirme** | Aois an tsealbhóra |
| | **Gníomhaíochtaí sochracha eile** | Ionchur saothair i ngníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach le gníomhaíocht na feirme, mar phríomhghníomhaíocht nó mar ghníomhaíocht thánaisteach |
| | | Tábhacht gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas |
| | | Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas nó cuideachtaí a bunaíodh chun na críche sin |
| | **Brabúsacht agus éifeachtúlacht an táirgthe talmhaíochta** | Lucht saothair na feirme |
| | **Cothromas inscne** | Gnéas an tsealbhóra |
| | | Cothromaíocht inscne an lucht saothair |
| | **Spleáchas ar ioncam talmhaíochta** | Gníomhaíocht shochrach eile, obair nach obair feirme í lasmuigh den ghabháltas, cibé acu príomhghníomhaíocht nó gníomhaíocht thánaisteach í sin: |
| | | Sealbhóir |
| | | Bainisteoir |
| | | Lucht saothair teaghlaigh an tsealbhóra |

| | | |
|---|---|---|
| | **Tionchar ar an bhfostaíocht** | Líon na ndaoine atá fostaithe |
| | **Tomhais an ionchuir saothair** | Líon na ndaoine atá fostaithe |
| | | Lucht saothair neamhrialta atá fostaithe ag an bhfeirm |
| | | Ionchur saothair ag conraitheoirí |

| | | |
|---|---|---|
| **An fhorbairt tuaithe** | **Gabháltais a bhfuil bearta forbartha tuaithe ina dtaca leo** | Seirbhísí comhairle, bainistíochta feirme agus faoisimh feirme |
| | | Forbairt feirmeacha agus gnóthaí |
| | | Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia |
| | | Infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha |
| | | Athshlánú a dhéanamh ar acmhainneacht táirgthe talmhaíochta a ndearnadh dochar di trí thubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thabhairt isteach |
| | | Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus i bhfeabhsú inmharthanacht na bhforaoisí |
| | | Íocaíochtaí agra-chomhshaoil-aeráide |
| | | Feirmeoireacht orgánach |
| | | Naisc íocaíochta le Natura 2000 agus an Treoir Réime Uisce |
| | | Íocaíochtaí le limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó *srianta* sonracha eile orthu |
| | | Leas ainmhithe |
| | | Bainistiú riosca |
| **Tithíocht ainmhithe, leasachán agus bainistiú ar aoileach** | **Tithíocht ainmhithe iomlán an speicis** | Tithíocht bhó-ainmhithe |
| | | Tithíocht mhuc |
| | | Tithíocht bhéaróg |
| | **Úsáid cothaitheach agus** | LTU a gcuirtear leasachán air |

| | | |
|---|---|---|
| | **táirgeadh aoiligh ar an bhfeirm** | |
| | | Leasacháin orgánacha agus dramhaílbhunaithe seachas aoileach |
| | **Teicnící leata aoiligh** | Cineál an leata |
| | | Am inchorpraithe |
| | **Saoráidí le haghaidh aoiligh** | Saoráidí stórála aoiligh |
| **Uisciú** | **Cleachtais uisciúcháin** | Inrochtaineacht uisciúcháin |
| | | Modhanna uisciúcháin |
| | | Foinsí uisce don uisciú |
| | | Paraiméadair theicniúla an trealaimh uisciúcháin |
| | **Barra a uiscítear le linn tréimhse 12 mhí** | Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin |
| | | Pulsanna tirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin |
| | | Barra fréimhe |
| | | Barra tionsclaíocha |
| | | Plandaí atá glas tráth a bhuaintear ó thalamh arúil iad |
| | | Barra eile talún arúla |
| | | Féarthailte buana |
| | | Barra buana |
| **Cleachtais bainistithe ithreach** | **Cleachtais bainistithe ithreach ar thalamh faoin aer** | Modhanna curaíochta |
| | | Clúdach ithreach ar thalamh arúil |
| | | Uainíocht barr ar thalamh arúil |
| | | Limistéar iomlán ina ndírítear ar an éiceolaíocht |

| | | |
|---|---|---|
| | | Rannpháirteach i scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil eile |
| **Innealra agus trealamh** | **Innealra** | Saoráidí idirlín |
| | | Innealra bunúsach |
| | | Úsáid na feirmeoireachta beaichte |
| | | Innealra le haghaidh bainistiú beostoic |
| | | Áit stórála le haghaidh táirgí talmhaíochta |
| | **Trealamh** | Trealamh a úsáidtear chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh ar ghabháltais talmhaíochta |
| **Úllord** | **Torthaí póma** | Úlla: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Úlla: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | | Piorraí: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Piorraí: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | **Torthaí cloiche** | Péitseoga: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Péitseoga: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | | Neachtairíní: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Neachtairíní: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | | Aibreoga: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Aibreoga: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | **Torthaí citris** | Oráistí: Achar de réir aois na bplandálacha |

| | | |
|---|---|---|
| | | Oráistí: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | | Torthaí beaga citris: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Torthaí beaga citris: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | | Líomóidí: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Líomóidí: Achar de réir dhlús na gcrann |
| | **Ológa** | Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Achar de réir dhlús na gcrann |
| | **Fíonchaora boird agus rísíní** | Fíonchaora boird: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Fíonchaora boird: Achar de réir dhlús na bhfíniúnacha |
| | | Fíonchaora le haghaidh rísíní: Achar de réir aois na bplandálacha |
| | | Fíonchaora le haghaidh rísíní: Achar de réir dhlús na bhfíniúnacha |
| **Fíonghort** | **Fíonchaora le haghaidh fíona** | Achar agus aois |
| | **Cineálacha fíonchaor** | Líon na gcineálacha |
| | | Cód agus achar |

**Iarscríbhinn V – Ceanglais bheachtais**

Beidh na croí-shonraí (in 2023 agus 2026) agus na sonraí modúlacha ionadaíoch ó thaobh staidrimh de i dtaca leis na pobail ábhartha de ghabháltais talmhaíochta mar a shainítear iad sa tábla beachtais thíos ar leibhéal na réigiún NUTS 2 i dtéarmaí mhéid agus chineál na ngabháltas talmhaíochta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle[19], Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1198/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/220 ón gCoimisiún[20].

Is infheidhme na ceanglais bheachtais i gcás na n-athróg sa tábla thíos.

Na sonraí a bhaileofar nuair a dhéanfar leathnú ar an gcreat in 2020, beidh siad ionadaíoch ó thaobh staidrimh de i dtaca leis an bpobal ábhartha ar leibhéal na réigiún NUTS 2 mar a shainítear sa tábla beachtais thíos.

Ina theannta sin, is infheidhme na ceanglais bheachtais a shainítear sa tábla maidir le gach réigiún NUTS 2 ag a bhfuil, ar a laghad:

5 000 gabháltas sa phobal ábhartha i gcás na modúl "Úllord" agus "Fíonghort";

- 10 000 gabháltas sa phobal ábhartha do na croí-shonraí, do na modúil eile uile agus do na sonraí a thagann faoin leathnú ar an gcreat.

I gcás réigiúin NUTS 2 ar lú an líon gabháltas atá iontu is infheidhme na ceanglais bheachtais a shainítear sa tábla maidir leis an réigiún NUTS 1 gaolmhar ag a bhfuil, ar a laghad:

- 500 gabháltas sa phobal ábhartha i gcás na modúl "Úllord" agus "Fíonghort";
- 1 000 gabháltas sa phobal ábhartha do na croí-shonraí, do na modúil eile uile agus do na sonraí a thagann faoin leathnú ar an gcreat.

---

19 Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 an 30 Samhain 2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta sa Chomhphobal Eorpach a bhailiú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27).

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/220 an 3 Feabhra 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú (IO L 46, 19.2.2015, lch. 1).

Is gá beachtas náisiúnta d'earráid chaighdeánach choibhneasta 5 % ar a mhéad i gcás na n-athróg sin de na modúil "Úllord" agus "Fíonghort" nach infheidhme aon cheanglas beachtais maidir leo d'aon réigiún NUTS 2 agus d'aon réigiún NUTS 1.

Is gá beachtas náisiúnta d'earráid chaighdeánach choibhneasta 7,5 % ar a mhéad i gcás na n-athróg uile de na modúil eile nach infheidhme aon cheanglas beachtais maidir leo d'aon réigiún NUTS 2 agus d'aon réigiún NUTS 1 d'athróg ar bith.

## Tábla beachtais

| **Pobal ábhartha** | **Athróga arb infheidhme ceanglais bheachtais maidir leo** | **Leitheadúlacht sa phobal ábhartha** | **Earráid chaighdeánach choibhneasta** |
|---|---|---|---|
| Croí-shonraí in 2023 agus 2026 agus<br>**An modúl 'Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile'** | | | |
| Mar a shainítear in Airteagal 5 i gcás na gcroí-shonraí agus in Airteagal 7 i gcás an mhodúil 'Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile' | *Athróga talún*<br>– Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol)<br>– Olashíolta<br>– Plandaí atá glas tráth a bhuaintear ó thalamh arúil iad<br>– Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin), sútha talún, bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)<br>– Féarthailte buana cé is moite d'fhéaraigh gharbha<br>– Torthaí, caora, cnónna agus torthaí citris (seachas fíonchaora agus sútha talún)<br>– Fíonchaora<br>– Ológa | 7,5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 5 % |
| | *Athróga beostoic*<br>– Ba déiríochta<br>– Ba neamhdhéiríochta<br>– Bó-ainmhithe eile (bó-ainmhithe faoi bhun 1 bhliain d'aois, bó-ainmhithe 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois, bó-ainmhithe fireanna 2 bhliain d'aois agus níos sine, bodóga 2 bhliain d'aois nó níos sine)<br>– Cránacha pórúcháin arb é a mbeomheáchan 50 kg nó níos mó<br>– Bainbh ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan agus muca eile<br>– Caoirigh agus gabhair<br>– Éanlaith chlóis | 7,5 % nó níos mó de na haonaid bheostoic sa réigiún agus 5 % nó níos mó den athróg sa tír | < 5 % |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Croí-shonraí don leathnú ar an gcreat** in 2020 | | | |
| Mar a shainítear in Airteagal 6 | *Athróga talún*<br>– Talamh arúil<br>– Féarthailte buana cé is moite d'fhéaraigh gharbha<br>– Barra buana | 7,5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7.5 % |
| | *Athróga beostoic*<br>– Iomlán na n-aonad beostoic | 5 % nó níos mó den athróg sa tír | < 7.5 % |
| An modúl "Forbairt tuaithe" agus<br>**an modúl "Innealra agus trealamh"** | | | |
| Mar a shainítear in Airteagal 7 | *Athróga talún* maidir le "Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile" | 7,5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7,5 % |
| | *Athróga beostoic* maidir le "Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile" | 7,5 % nó níos mó de na haonaid bheostoic sa réigiún agus 5 % nó níos mó den athróg sa tír | < 7,5 % |
| **An modúl "Tithíocht ainmhithe agus bainistiú ar aoileach"** | | | |
| An fothacar den phobal gabháltas a shainítear in Airteagal 7 ag a bhfuil ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas: bó-ainmhithe, muca, caoirigh, gabhair, éanlaith chlóis | *Athróga beostoic* maidir le "Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile" | 7,5 % nó níos mó de na haonaid bheostoic sa réigiún agus 5 % nó níos mó den athróg sa tír | < 7,5 % |
| **An modúl "Uisciú"** | | | |
| An fothacar den phobal gabháltas a shainítear in Airteagal 7 a bhfuil limistéar inuiscithe iontu | *Athróga talún*<br>– Limistéar iomlán inuiscithe | 7,5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7,5 % |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An modúl "Cleachtais bainistithe ithreach"** | | | |
| An fothacar den phobal gabháltas a shainítear in Airteagal 7 a bhfuil talamh arúil iontu | *Athróga talún*<br>– Talamh arúil | 7,5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7,5 % |
| **An modúl "Úllord'"** | | | |
| An fothacar den phobal gabháltas a shainítear in Airteagal 7 a bhfuil aon cheann de na hathróga úlloird acu agus a shroicheann an tairseach a shonraítear in Airteagal 7(5) | *Athróga ullóird*<br>– Na hathróga úlloird maidir le húlla, piorraí, aibreoga, péitseoga, neachtairíní, oráistí, torthaí beaga citris, líomóidí, ológa, fíonchaora boird, fíonchaora le haghaidh rísíní a shroicheann an tairseach a shonraítear in Airteagal 7(5) | 5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7,5 % |
| **An modúl "Fíonghort"** | | | |
| An fothacar den phobal gabháltas a shainítear in Airteagal 7 a bhfuil fíonchaora le haghaidh fíona acu | *Athróga fíonghort*<br>– Fíonchaora le haghaidh fíona | 5 % nó níos mó den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa réigiún | < 7,5 % |